| Don Oifig Amháin |
|---|
| Faighte ag |
| Dáta: |
| Cóip den árachas/Cruthúnas Slánaíochta? |
| Foirm Sínithe? |

**Comharchumann Shailearna Teo**
**Na hAille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe, H91 P23Y**
**Teil: 091 399199 Ríomhphost: sailearna@gmail.com**

# Foirm Iarratais ar Áirithintí

Tabhair faoi deara: Foirm iarratais í seo. Ní chinntíonn sí go bhfuil seomra curtha in áirithe fós.
Má éiríonn leis an iarratas, deimhneofar go bhfuil an áirithint déanta.
LÍON AN FHOIRM IARRATAIS SEO, SÍNIGH Í AGUS CUIR DÁTA UIRTHI.
NÍ MÓR GACH CUID DEN FHOIRM A LÍONADH (Bain úsáid as CEANNLITREACHA le do thoil)

## 1. SONRAÍ TEAGMHÁLA

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Ainm na hEagraíochta** | | | |
| **Ainm an Teagmhálaí** | | **Teileafón Baile** | |
| **An Post atá agat** | | **Fón Póca** | |
| **Seoladh** | | **Seoladh Ríomhphoist** | |
| | | **Láithreán Gréasáin** | |

Is é/í an Teagmhálaí atá freagrach as an áirithint agus as cinntiú go bhfuil Coinníollacha na háirithinte á gcomhlíonadh.
Caithfidh beirt fásta a bheith i láthair le gach grúpa ina bhfuil daoine óga faoi 18 bliain d'aois.

## 2. SONRAÍ ÁIRITHINTE

## Is í an Ghaeilge teanga an ionaid agus ní cheadaítear ach imeachtaí trí Ghaeilge amháin san ionad.

| | |
|---|---|
| **Áirithint Aon Uaire** | |
| **Bloc Áirithint** | |
| **Go rialta (Uair sa tseachtain/Uair sa mhí)** | |

| | |
|---|---|
| **Teideal/cineál ócáide** | |
| **Líon na rannpháirtithe a bhfuil súil leo** | |
| **Oscailte/Dúnta don phobal** | |

Déantar áirithint de réir na huaire, ní mór am don ullmhú, don leagan amach agus don phacáil a chur san áireamh san áirithint.

Cinntigh go gcuirtear gach trealamh ar ais san áit a bhí sé sula gcríochnaíonn do sheisiún.

| Seomra | Méid | ✓ | Lá/Dáta | Am (Tús-Deireadh) | Cineál gníomhaíochta |
|---|---|---|---|---|---|
| **Amharclann** | | | | | |
| **Seomra Glas** | | | | | |
| **Seomra Cruinnithe** | | | | | |
| **Ríomharlann** | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

***(Aontaítear praghas ag brath ar an iarratas)***

**TABHAIR FAOI DEARA: Tá CCTV AG FAIRE AR AN AITREABH SEO**

NÍ MÓR GACH CUID DEN FHOIRM A LÍONADH (Bain úsáid as CEANNLITREACHA le do thoil)

3. TREALAMH AGUS ÁISEANNA ATÁ RIACHTANACH

D'fhéadfadh táillí breise a bheith i gceist ach cuirfear sin in iúl nuair a chuirfear an seomra in áirithe más féidir. Tá sé mar choinníoll leis an áirithint go ngearrfar costas as aon damáiste/deisiúchán don trealamh ar an té a chur an áit in áirithe.

| Áis | | Líon/Sonraí | Áis | | Sonraí |
|---|---|---|---|---|---|
| Cathaoireacha | | | Cistín | | |
| Boird | | | Trealamh Fuaime | | |
| Teilgeoir/Scáileán | | | Trealamh Soilse | | |
| Tae/Caifé | | | Eile | | |

4. ÁRACHAS

Tabhair faoi deara go molann Comharchumann Shailearna Teo. do gach grúpa tráchtála, deonach agus pobail árachas dliteanas phoiblí €6.5 milliún ar a laghad, a bheith acu. Ní féidir le Comharchumann Shailearna Teo. aon fhreagracht a ghlacadh as caillteanas ná as díobháil a tharlaíonn nó a mhaítear gur tharla sé san ionad seo. Caithfidh polasaí dliteanas phoiblí reatha a bheith ag do ghrúpa, caithfear Comharchumann Shailearna Teo. a shlánú ar an bpolasaí árachais agus ní mór cóip de do pholasaí árachais a thabhairt do Chomharchumann Shailearna Teo. mar aon leis an bhfoirm seo a bheith sínithe agat.

| An cineál árachais agus teorainn an dliteanais. | Ainm na Cuideachta | Uimhir an Pholasaí | Dáta tosaithe agus éaga |
|---|---|---|---|
| | | | |

5. SOCRAÍ ÍOCAÍOCHTA

| | |
|---|---|
| Íoc le hAirgead Tirim agus faigh Admháil | |
| Seic / Sonrasc Míosúil | |
| Eile (Le toiliú an Bhoird amháin) | |

| | |
|---|---|
| An mbeidh sibh ag gearradh táille ar gach duine sa ghrúpa? Tabhair sonraí thíos Sonraí | |
| | |

| Don Oifig amháin | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Cíos Aontaithe | € | Éarlais riachtanach | | Modh Íocaíochta | Seic/Airgead Tirim |
| Téarmaí agus Coinníollacha sínithe? | | Árachas deimhnithe? | | Cead an Choiste ag teastáil? | |
| Áirithint údaraithe ag: | | Dáta: | | Áirithint deimhnithe agus ar taifead? | |

Déantar gach áirithint sheasta a athnuachan ag deireadh na bliana féilire. Ní sheasfaidh aon áirithint nach mbeidh foirm áirithintí ag dul leis.

**6. SÍNIÚ**

**Tuigim polasaí teanga an ionaid agus Coinníollacha na háirithinte agus deimhním go nglacaim leo thar ceann mo ghrúpa/m'eagraíochta.**

**Ainm Iomlán:** ______________________________

**Síniú:** ______________________________ **Dáta:** ______________

Is comhlacht ar bhonn neamh bhrabúis é Comharchumann Shailearna Teo., faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Deimhníonn an tAcht um Shaoráil Faisnéise cearta daoine den phobal teacht ar eolas oifigiúil an oiread agus is féidir i gcomhréir le leas an phobail agus cearta príobháideachais daoine eile.

Coinníonn Comharchumann Shailearna Teo., sonraí, bíodh siad mar chomhaid pháipéir nó comhaid leictreonacha. D'fhéadfadh na sonraí seo a bheith pearsanta nó neamhphearsanta. Caithfimid leis an uile shonra pearsanta mar shonra faoi rún agus ní úsáidfimid é ach amháin do na cuspóirí a bhfuaireamar é. Féadfaimid, áfach, sonraí a roinnt le ranna nó le gníomhaireachtaí eile dlíthiúla nuair a cheadaítear é le foráil sainiúil reachtach.

Comharchumann Shailearna Teoranta

'Cur Chun Cinn Teanga, Cultúir, Fostaíochta agus Seirbhísí'

Na hAille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe, H91 P23Y. Tel: 091 399199 R-phost: sailearna@gmail.com

# Rialacha agus Coinníollacha maidir le húsáid na hAmharclaine i Seanscoil Sailearna

Tá sé i gceist ag Comharchumann Shailearna an Amharclann a chur ar fáil d'úsáid choistí agus ghrúpaí a chuireann forbairt agus gníomhachtaí Gaeilge-lárnaithe chun cinn agus a dhearbhaíonn go gcomhoibreoidh siad leis an gComharchumann lena chinntiú go bhfágfaidh siad an áis/áiseanna glan, néata agus eagraithe ina ndiaidh.

**Caithfear na treoirlínte agus na nósanna imeachta seo a leanas a leanúint:**

Teastaíonn an fhoirm iarratais ar áirithint chomh maith leis an fhoirm Rianú Teagmhála a bheith comhlánaithe agus curtha ar fáil don oifig ar a laghad trí seachtainí roimh dháta an áirithint.
Taréis an t-iarratas a mheas cinnfear an bhfuil an áis le cur ar fáil don imeacht a bhíonn luaite. Diúltófar d'aon imeacht a mheastar a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'íomhá phoiblí Chomharchumann Shailearna nó do chompord na dtithe taobh leis an Ionad. Ag an tráth sin caithfidh tú a bheith in ann an t-eolas mar atá luaite sa bhfoirm Iarratais ar Áirithintí a sholáthar don Chomharchumann.

Le go mbainfear an úsáid is fearr agus is féidir as an Áis/Amharclann agus ar mhaithe le freastal ar riachtanais agus éileamh an phobail ina iomláine, beidh ar choistí a bhíonn ag úsáid an Amharclann go leanúnach a bheith solúbtha. Sa gcás go mbeadh an áis/amharclann ag teastáil ó am go chéile le ócáidí seachtracha m.sh. drámaí, ceardlainn nó eile a eagrú agus a bheadh ag titim ar an oíche atá luaite leis an bhfoirm iarratais seo, beidh sé de chead ag Comharchumann Shailearna an áis a chur ar fáil de na h-ócáidí sin ach fógra 4 sheachtain a bheith tugtha don choiste atá ainmnithe leis an gcomhaontú seo.

## ÁRACHAS

Caithfear cóip de Dheimhniú Árachais a sheoladh chuig Comharchumann Shailearna agus deimhniú ins an árachas sin go bhfuil Comharchumann Shailearna saor ó dhliteanas.

**Sláinte agus Sábháilteacht:** Tá Comharchumann Shailearna tiomanta a cuid oibre a dhéanamh de réir na bhforálacha reachtúla Sláinte & Sábháilteachta.
Tá an grúpa a chuireann an áis in áirithe freagrach as Sláinte & Sábháilteacht an imeacht atá ar siúl sa Seanscoil. Tá cóip den Ráiteas Sláinte & Sábháilteachta ar fáil san oifig. Moltar don té a bhíonn ainmnithe thar ceann an ghrúpa an ráiteas a léamh. Spreagfar úsáideoirí lena ndualgas a chomhlíonadh le haon ghuais nó baol a thabhairt ar aird an té a bhíonn ainmnithe nó do bhainistíocht CST. Tá an duine ainmnithe freagrach as measúnú riosca a dhéanamh ar an áis sula n-úsáidfear é lena chinntiú go bhfuil an áis feiliúnach agus sábháilte don úsáid atáthar ag baint as an áis.

**COVID 19:** Tá freagracht ar úsáideoirí na hAmharclainne na rialacháin Sláinteachas & Sábháilteachta a chur i bhfeidhm ionas nach scaiptear an aicíd COVID 19 chomh fada agus is féidir. Tá an duine ainmnithe ó do ghrúpa freagrach as a chinntiú go bhfuil rianú teagmhála i bhfeidhm sa gcás is go mbeadh aon ráig den ghalar aimsithe leis an ngrúpa ar leith sin. Coinnítear an fhoirm rianú teagmhála a bhíonn sínithe ag an duine ainmnithe ar chód na hoifige i CST

**Tá sé riachtanach go gcuirtear treoracha COVID 19 i bhfeidhm de réir treoirlínte Feidhmeanach na Seirbhísí Sláinte.**

1. Is 120 an uas-mhéid atá ceadaithe ag aon am amháin ins an Amharclann bunaithe ar shrianta COVID 19.
2. Mar dhea-chleachtas déantar na lámha a dhí ghalrú ag teacht isteach agus ag fágáil an Ionad. Beidh dí-ghalráin láimhe ar iompar ag gach úsáideoir.
3. Tá sé éageantach go mbeadh gach uile úsáideoir ag caitheamh mascanna fad agus atá siad ins an Ionad.

**Spás Aonarú Sóisialta:** Tá spás aonarú curtha in oiriúint sa Seomra Glas. **(PPE's ar fáil sa seomra glas)** miotóga/masc agus aprún aon uaire

**Comharthaí COVID**

- Teocht Ard
- Deacrachtaí Análú
- Casacht
- Deacracht le Blaisiú/Boladh

**Sa gcás agus go mbeadh duine ag taispeáint comharthaí /siomptoim COVID 19.**

1. Cuirtear an duine a bhíonn ainmnithe ag an ngrúpa ar an eolas láithreach. Déantar teagmháil leis an dochtúir teaghlaigh nó 999.
2. Caitheann an duine atá ainmnithe na ppe's miotóga/masc agus aprún aon uaire.
3. Treoraítear an duine go dtí an seomra aonarú láithreach.
4. Déantar gach iarracht an duine leis na siomtóim a thabhairt abhaile chomh luath agus is féidir nó socraítear síob más gá.
5. Sa gcás agus go ndeimhnítear go bhfuil COVID 19 ag an duine, leantar treoracha FSS i leith féin aonarú.
6. Cuireann an duine ainmnithe tuairisc ar an eachtra ar fáil d'Oifig CST a luaithe agus is féidir.

**Sábháilteacht Tine:** Tá bealaí éalaithe ar crochadh ar bhallaí mórthimpeall na hamharclainne ag léiriú bealaí éalaithe i gcás éigeandála. Tá an té atá ainmnithe thar ceann an ghrúpa freagrach as na córais sábháilteacht tine a chur i bhfeidhm. I gcás eachtra/timpiste ar an láthair tá an té atá ainmnithe freagrach as foirm tuairisce a chomhlánú, a shíniú agus a chuir ar fáil d'oifig na comhlachta láithreach nó chomh luath agus is féidir..

**Cárrchlós:** Caithfear a chinntiú nach gcruthóidh aon imeacht tranglam tráchta agus go gcinnteofar saor ghluaiseacht tráchta sa charrchlós ar an bpríomh bhóthar agus ar bhóithre beaga in aice láimhe ar mhaithe le Sláinte & Sábháilteacht.

SEALBHÓIR EOCHRACH: Is é/í Airíoch an lárionad a bhainfidh an glas den fhoirgneamh, agus is é a chuirfidh an tIonad faoi ghlas. (*Ach amháin má bhíonn socraithe eile comhaontaithe idir CST agus an grúpa*). Ar bhonn Sláinte agus Sábháilteacht na n-úsáideoirí agus an phobail tá an t-údarás ag Airíoch/duine ainmnithe stop a chur le himeacht, nó an t-imeacht a mhaolú, sa chás go meastar go bhfuil sé sin riachtanach nó má fhaightear amach go mbíonn an t-eolas ar an iarratas bréagach.

ÚSÁID AN CHISTIN: Tá stáisiún tae lonnaithe ins an Amharclann gur féidir a úsáid. Ar mhaithe le cúrsaí sláinte/sábháilteacht, i.e., Covid 19, moltar do ghrúpaí atá ag baint úsáid as an Amharclann a gcupáin féin a thabhairt leo, srl. Fágtar an chistin glan taréis gach imeacht. Tabhair gach mhír phearsanta leat ag deireadh do ghníomhaíocht. Ní ghlacann Comharchumann Shailearna freagracht as nithe a theann amú.

**SOILSIÚ:** Tá soilsiú speisialta ar fáil san ionad. Tá sé riachtanach a chur in iúl do oifig CST má tá an córas soilse ag teastáil. Tá an t-úsáideoir freagrach as oibriú an chórais. Ní mór duine oilte a fháil do oibriú an chórais seo. (Níl an acmhainn ag an lárionad na príomhshoilse a ísliú).
Má bhíonn soilsiúchán le n-athrú ar aon chúis bunaithe ar an imeacht a bhíonn eagraithe ag an ngrúpa tá sé riachtanach sin a chur in iúl d'oifig CST roimhré.

1. Comhlíontar foirm Athrú Soilse roimhré.
2. Má bhíonn soilse le tógáil anuas ar chúis éigin tá sé riachtanach go gcuirtear na soilse ar ais mar a bhí taobh istigh de 24 uair a chloig nó de réir a aontaítear leis an oifig roimhré.

**FUAIM AIMPLITHE**: Tá fuaim aimplithe ar fáil san ionad.Tá sé riachtanach a chur in iúl do oifig CST má tá an córas fuaime ag teastáil. Comhlíontar foirm fuaim aimplítí roimhré.
Tá an t-úsáideoir freagrach as oibriú an chórais. Ní mór duine oilte a fháil do oibriú an chórais seo. Caithfear gach saoráid a fhágáil sa riocht chéanna a fuarthas iad.

**GLANADH SUAS**: Tá an grúpa/duine ainmnithe freagrach as an ionad a fhágáil glan ina ndiaidh deochanna doirte a mhapáil, urláir a scuabadh, boird glanta, clúdaigh boird a bhaint, gach maisiúchán (agus téip) a bhaint anuas, bruscar a chur i málaí agus a thabhairt go dtí coimeádán bruscair. Beidh an sceideal glantacháin comhlíonta agus tugtha ar aghaidh don oifig tar éis úsáide

**Deimhním leis seo, go nglacaim leis na rialacha agus leis na coinníollacha atá leagtha amach thuas.**
**Síniú:** ______________________________ **Dáta:**______________

**Comharchumann Shailearna Teoranta**

*'Cur Chun Cinn Teanga, Cultúir, Fostaíochta agus Seirbhísí'*

Gaeltacht na hÉireann

Na hAille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe, H91 P23Y. Tel: 091 399199 R-phost: sailearna@gmail.com

Tá freagracht ar úsáideoirí na hAmharclainne na rialacháin Sláinteachas & Sábháilteachta a chur i bhfeidhm ionas nach scaiptear an aicíd COVID 19 chomh fada agus is féidir.
Mar sin iarrtar duine a ainmniú ó do ghrúpa lena chinntiú go leanfar na treoirlínte agus le go mbeidh rianú teagmhála i bhfeidhm sa gcás is go mbeadh aon ráig den ghalar aimsithe leis an ngrúpa ar leith sin.

**Iarrtar na sonraí thíos a líonadh isteach le do thoil agus a sheoladh arais le do fhoirm áirithinte:**

**Ainm an Ghrúpa:** ______________________________

**Duine ainmnithe don Rianú Teagmhála:** ______________________________

**Duine ainmnithe chun na beartais Sláinte & Sábháilteacht a chur i bhfeidhm:**

______________________________

**Ócáid:** ______________________________

**Dáta/Dátaí:** ______________________________

**Líon Daoine ag Freastal:** ______________________________

**Am Isteach:** ______________________________

**Am Amach:** ______________________________

**Síniú Rianú Teagmhálaí:** ____________________ **Uimhir Teagmhála:** ____________

**Síniú oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta:** ____________________

**Uimhir Teagmhála:** ____________________

**Comharchumann Shailearna Teoranta**

*'Cur Chun Cinn Teanga, Cultúir, Fostaíochta agus Seirbhísí'*

Gaeltacht na hÉireann

Na hAille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe, H91 P23Y. Tel: 091 399199 R-phost: sailearna@gmail.com

## Córas Soilse& Fuaime na Seanscoile:

Ainm an té atá ainmnithe chun an córas soilse a usáid: ______________________

Sonraí teagmhála: **Fón:** ______________ **Ríomhphost:** ______________________

An bhfuil an té sin cáilithe in usáid córais soilse Amharclainne: **Tá** ☐ **Níl** ☐

Má thógtar anuas soilse do na barraí ar aon chúis, beidh sé riachtanach na soilse sin a chur ar ais san áit ina raibh siad taobh istigh de 24 uair a chloig taréis na h-imeachta.

Beidh an té atá ainmnithe thuas freagrach as dea chleachtais a chur i bhfeidhm le linn dó/di a bheith ag usáid an chórais seo agus a chinntiú go n-usáidfear agus go gcoinnítear an trealamh uile slán sábháilte i rith an ama.

---

Ainm an té atá ainmnithe chun an córas fuaime a usáid: ______________________

Sonraí teagmhála: **Fón:** ______________ **Ríomhphost:** ______________________

An bhfuil an té sin cáilithe in usáid córais fuaime Amharclainne: **Tá** ☐ **Níl** ☐

Beidh an té atá ainmnithe thuas freagrach as dea chleachtais a chur i bhfeidhm le linn dó/di a bheith ag usáid an chórais seo agus a chinntiú go n-usáidfear agus go gcoinnítear an trealamh uile slán sábháilte i rith an ama agus go bhfágtar gach rud mar a fritheadh iad.

**Deimhním leis seo, go nglacaim leis na rialacha agus leis na coinníollacha thuas luaite.**

**Síniú:** ______________________ **Dáta:** ______________________

**Comharchumann Shailearna Teoranta**

'Cur Chun Cinn Teanga, Cultúir, Fostaíochta agus Seirbhísí'

Na hAille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe, H91 P23Y Tel: 091 399199 R-phost: sailearna@gmail.com

## *Measúnú Riosca & Foirm Dhearbhaithe d'Úsáideoirí na hAmharclainne maidir le COVID-19*

Is víreas nua é an coróinvíreas COVID-19. Tá comhairle Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe á leanacht ag CST agus ag déanamh monatóireacht ghéar ar an scéal.

Má mheasann úsáideoirí na hAmharclainne go bhfuil sé nó sí i mbaol, ba chóir dó nó di féachaint ar threoirlínte Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Ar mhaithe le sábháilteacht daoine, a dteaghlach agus an pobal ag d'áit oibre, iarrann CST ort an ceistneoir / féindearbhú seo a leanas a chomhlánú. Tá muid buíoch as do comhoibriú agus do thacaíocht. Féadfaidh sé go n-iarrfar ort an áit oibre seo a fhágáil má fhreagraíonn tú 'TÁ' ar cheann ar bith de na freagraí seo a leanas:

Bunaithe ar threoirlínte Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, déanfar athbhreithniú ar d'áit oibre reatha. Féadfaidh sé go n-iarrfar ort do phost nó do láthair oibre a athrú ag éirí as an athbhreithniú sin.

| | **Ceisteanna** | Tá | Níl |
|---|---|---|---|
| 1 | An bhfuil nó an raibh (le 14 lá anuas aon cheann de na siomptóim thipiciúla seo a leanas de chuid COVID-19 ort: fiabhras, teocht ard, casacht sheasta, nó deacrachtaí anála / gearranála. | | |
| 2 | An ndearnadh diagnóis ort le COVID-19 deimhnithe nó amhrasta le 14 lá anuas? | | |
| 3 | An bhfuil tú i ndlúth-theagmháil le duine atá deimhnithe nó amhrasta do COVID-19 le 14 lá anuas. | | |
| 4 | Ar thug dochtúir comhairle duit féin-aonrú ag an am seo? | | |
| 5 | Ar thug an dochtúir comhairle duit dul i mbun cocúnú ag an am seo? | | |
| 6 | An bhfuil tú tagtha ar ais go hÉirinn ó thír eile, Tuaisceart Éireann san áireamh, le 14 lá anuas?<br><br>Má tá, cén áit? | | |

Deimhním gur fhreagair mé na ceisteanna thuas go fírinneach bunaithe ar mo riocht reatha. Geallaim go gcuirfidh mé bainisteoir CST ar an eolas agus go bhfágfaidh mé /go bhfanfaidh mé as

mo shocrúchán reatha oibre/láthair oibre má athraíonn an suíomh seo (is é sin ag tráth eicínt amach anseo).

D'Eolas Féin – Comhlánaigh an Méid Thíos

Ainm: ______________________________

Tasc & Láthair Reatha: ________________________________________________

Síniú an Fhostaí/Rannpháirtí: ___________________________ Dáta: __________

Deimhnigh trí thic a chur sa bhosca thíos le léiriú go bhfuil tú i gceann de na grúpaí i mbaol.

[ ] Tá mé ag nochtadh go bhfuil mé i ngrúpa i mbaol de réir threoirlínte Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. B'fhéidir go mbeidh ort litir a fháil ó do dhochtúra mar chruthúnas.

Ní roinnfear an fhaisnéis seo ach amháin leis an riarthóir/í agus lena mBainisteoir.
Ní nochtfaidh an bhainistíocht na sonraí áirithe a bhaineann le fostaí a bheith i ngrúpa i mbaol.

Deimhniú faoin Nochtadh

Maidir leis an bhfaisnéis uile a fuarthas le linn phróiseas mo nochta, tuigim go ndéanfar í a chothabháil agus a úsáid de réir na reachtaíochta ar an gCosaint Sonraí.